



Cumann Staire Chontae Thiobraid Árann  
Co. Tipperary Historical Society, The Source Library, Cathedral Street, Thurles, Co. Tipperary, Ireland  
353 (0) 52 616 6123 [society@tipperarycoco.ie](mailto:society@tipperarycoco.ie) [www.tipperarystudies.ie/thc](http://www.tipperarystudies.ie/thc)

# Tipperary Historical Journal 2003

# Cnuasach Amhrán Liam Uí Lúbaigh

## Le Pádraig Ó Macháin

### Réamhrá

Maireann i dt trí cinn de chóipleabhair isteach is amach le dachad amhrán Gaelach – amhráin na ndaoine – a bailíodh i bhfíor-dheisceart Thiobraid Árann céad blian ó shin. Baineann an cnuasach so leis an gceantar laisteanas d’Ard Fhíonáin ag bun Sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh, ceantar Bhaile Uí Phéacháin a bhí tráth ina pharóiste Caitliceach, agus a áirítear fós ina pharóiste sibhialta.<sup>1</sup> Le trí bhaile fearainn sa pharóiste sin a bhaineann an cnuasach: Gort an Chuilinn, an Currach, agus go háirithe Cill Domhnóig mar ar bailíodh formhór mór na n-amhrán.<sup>2</sup> Méar ar eolas is ea na leabhair seo ar shaibhreas agus ar thathag an traidisiúin dúchasaigh sa cheantar so i dtúis na haoise seo caite, ceantar ná maireann oiread agus cainteoir dúchais Gaeilge amháin anois ann.

### Liam Ó Lúbaigh

Ba le Liam Ó Lúbaigh na leabhair seo tráth dá raibh agus is lena mhuintir anois iad. Dob é Liam féin a chnuasaigh formhór dá bhfuil iontu. I gCill Domhnóig a bhí cónaí ar mhuintir Lúbaigh: bhí seasca hocht d’acraí ag Liam Ó Lúbaigh – seanathair Liam na n-amhrán – agus a dheartháir Donnchadh ar an inse ar bhruach na Teara idir Gleann Gabhla agus Crosaire Chill Domhnóig, ar theorainn íochtarach an bhaile fhearainn.<sup>3</sup> Ceithre acra ar fhichid acu san ba le seanLiam iad, agus ba é a mhac, Seán Ó Lúbaigh, athair Liam óig, a tháinig in oidhreacht ar an ngabháltas san. Bhí Seán pósta ar Cháit Ní Dhuinnshléibhe ó Sceichín an Rince. Beirt a bhí de chúram ar an lánú: Liam a saolaíodh an 30 Iúil 1882,<sup>4</sup> agus Máire a bhí trí bliana níos óige ná é agus a phós Cundúnach ón nGarraí Mór (idir Cloichín an Mhargaidh agus Baile Uí Lúbaigh) ar ball. Cainteoir dúchais Gaeilge ab ea Liam agus tá iarsma beag den seanchas a fuair sé óna mhuintir féin le fáil ina lámhscríbhinn: paidir a thug a mháthair dó (LS 1, lch 50), agus búrdún a fuair sé óna chol ceathair Donnchadh (LS 1, lch 11).

D’fhreastail Liam an Scoil Náisiúnta ar an gCurrach i nDroichead na nGabhar ar feadh bliana nó dhó. Thit a athair amach leis an múinteoir, áfach, agus aistríodh Liam siar go scoil Bhaile Uí Ghormáin. Is sa scoil sin a chéadmhúsclaíodh a shuim i gcúrsaí luibheolaíochta, ábhar a bhíodh á chothú ann. D’fhág Liam an scoil in aois a cheithre bliana déag agus lean d’obair na feirme i gCill Domhnóig ar feadh cúig bliana déag eile. Bhí ard-shuim san oideachas i gcónaí aige, áfach: agus é isteach sna fichidí théadh sé de rothar ar ranganna oíche sa cheardscoil i gCluain Meala. An té a spreag Liam chun é sin a dhéanamh ná Mícheál Ó Dúshláine.

Cara mór don Lúbach feadh a shaoil ab ea Mícheál, múinteoir óg sa Scoil Náisiúnta ar an gCurrach. Ba ón Seanphobal i gCo. Phort Láirge dó, cainteoir dúchais Gaeilge, agus bhí sé comhnaoiseach, geall leis, le Liam féin. In earrach na bliana 1903 tháinig Pádraig Ó Cadhla, timire Chonradh na Gaeilge, ar cuaird chun an cheantair, agus chrom ar chruinnithe a thionól d’fhonn craobhacha den gConradh a bhunú. Tharla cruinniú tosaigh i mBaile Uí Phéacháin tar éis aifrin, an 8 Feabhra 1903.<sup>5</sup> Sna seachtainí ina dhiaidh sin bunaíodh craobhacha den gConradh i gCloichín an Mhargaidh, sa Chaisleán Nua, agus i mbailte nach iad.<sup>6</sup> Bunaíodh Craobh Aird Fhíonáin ag cruinniú lasmuigh den séipéal i ndiaidh aifreann an Domhnaigh, an 1 Márta. D’fhreastail Mícheál Ó Dúshláine ar an gcruinniú san.<sup>7</sup> An lá céanna bhí mórchrúinniú

sa halla in Ard Fhíonáin ag ar beartaíodh Coiste Ceantair a chur ar bun, rud a cuireadh i gcrích ag cruinniú eile i gCathair Dhún Iascaigh, an 29 Márta. Coiste Ceantair an Chéiteannaigh a tugadh air seo.<sup>8</sup>

Deir Aindrias Ó Muimhneacháin i dtaobh Liam gurb é 'an maoímh ba mhó a bhí aige ná go raibh sé féin ar dhuine de na baill ba thúisce i gCraobh an Chéitinnigh'.<sup>9</sup> Ní hí craobh cháiliúil Bhaile Átha Cliath a bhí i gceist aige leis seo ach tagairt don gCoiste Ceantair i ndeisceart Thiobraid Árann.<sup>10</sup> Tugann san le fios go raibh Liam páirteach sa Chonradh ó cuireadh ar bun sa dúthaigh seo é. Cé go ndéarfadh Pádraig Ó Cadhla dachad blian ina dhiaidh gur bhunaigh sé craobh i nDroichead na nGabhar i 1903,<sup>11</sup> níl aon fhianaise sna foinsí comhaimseartha gur craobh ann féin a bhí i gceist, san am san pé scéal é, agus nach fochraobh más ea de Chraobh Aird Fhíonáin a bhí ann. Is cinnte áfach gur spreagadh Mícheál Ó Dúshláine chun ranganna Gaeilge a chur ar bun sa scoil i nDroichead na nGabhar istoíche. Tuairiscíodh i mí Aibreáin:

At Crough [an Currach, Droichead na nGabhar] an evening school under Mr Delaney is attended by over twenty young men, who have made remarkably deep studies in Irish.<sup>12</sup>

Lúíonn sé le dealramh gur dhuine des na fir óga san ab ea Liam Ó Lúbaigh. Agus foghlaim agus cleachtadh na n-amhrán Gaelach ar na meáin a bhí á moladh ag an gConradh chun an teanga a bhuanú, agus iad ina mbunchuid de ranganna na gCraobh dá réir,<sup>13</sup> tá le tuiscint nach aon chomhtharlúint í gurb í an dáta is luaithe dá bhfuil againn sna lámhscríbhinní thíos do Liam a bheith i mbun bailithe ná an bhliain sin 1903. Dhealródh sé go raibh toradh níos poiblí ar na himeachtaí seo chomh maith: ba chuimhin le Seán Ó Ciarghusa – agus gan é féin ach ina fhoghlaiméoir san am – duais á buachaint ag Liam agus ag Tomás de Bhial as a líofacht teangan i gcomórtas feise thart ar an am so.<sup>14</sup>

Agus Mícheál Ó Dúshláine á ghríosadh, d'éirigh le Liam, agus é naoi mbliana fichead d'aois, scoláireacht a bhaint amach sa bhliain 1911 go dtí Coláiste Ríoga na hEolaíochta i Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath. Cháiligh sé sa talmhaíocht sa Choláiste sa bhliain 1915.<sup>15</sup> I Lúnasa na bliana sin fuair sé post sa Roinn Talmhaíochta agus cuireadh ag obair é d'Arm Shasana i mBéal Feirste. Leis an Forage Department, Army Service Corps (ASC), a raibh sé de chúram orthu bia a sholáthar i gcomhair saighdiúirí an Airm, a bhain an obair sin. Liostáil sé go foirmiúil leis an roinn sin den arm an 22 Feabhra 1916. Cúig mhí ina dhiaidh sin chuir sé isteach ar choimisiún san ASC agus ceapadh ina thara leifteanant é. Bhí céim leifteanant aige nuair a deineadh díshlógadh air tar éis an chogaidh i Meán Fómhair 1919 tar éis ceithre bliana a chaitheamh i gCo. Aontrama.<sup>16</sup>

Ar fhágaint an airm dó lean Liam ag obair leis an Roinn Talmhaíochta, agus cuireadh go Tír Conaill é ag déanamh cigireachta ar phrátaí. Is ansan a casadh Mary Griffin air i Leitir Ceanainn. Cúntóir Sóisearach Máistreása ab ea Mary. D'fhill Liam ar Bhaile Átha Cliath agus d'éirigh leis post múinteoireachta a fháil i gColáiste Chaoimhín sa bhliain 1927, an bhliain a pósadh é féin agus Mary; ceathrar clainne a bhí acu. An cheimic agus an bhitheolaíocht a bhí féna chúram aige sa Choláiste. Bhí staidéar á dhéanamh san am gcéanna aige i gcomhair an Ard-Teastais san Oideachas, agus ghnóthaigh sé an chéim sin ón gColáiste Ollscoile sa bhliain 1928. Sa bhliain 1932 bhain sé céim B.Sc. amach.<sup>17</sup> D'fhan sé i gColáiste Chaoimhín nó gur dúnadh an scoil sin sa bhliain 1939. Thug sé bliain ina dhiaidh sin ag múineadh sa Ghailimh sarar ceapadh ina mhúinteoir ceimice é sa Choláiste Teicneolaíochta i Sráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath.<sup>18</sup>

Sa bhliain 1929 chrom sé féin agus a mhórchara, Murchadh Ó Síthigh, a bhí ina chigire sa Roinn Oideachais, ar leabhar scoile ar chúrsaí fisice a scríobh i nGaeilge. Cé gur shíníodar

conradh leis an nGúm sa bhliain 1932, níor tháinig an leabhar i gcló go dtí 1940, tar éis na traglála agus an achrainn ba dhual d'fhoilsitheoireacht Ghaeilge sa tréimhse sin.<sup>19</sup> Ina cheithre codanna agus i dtír himleabhair a foilsíodh an saothar, bunchuntas saineolaíoch ardteicniúil ina bhfuil scata mór léaráidí leis na húdair féin.<sup>20</sup>

Duine neamhchoitianta ab ea Liam Ó Lúbaigh. Bhí féith an cheoil ann agus an-chumas chun teangacha; is cuimhin lena chlann gur mhúin sé Fraincis agus Rúisis dó fhéin, agus gur i nGearmáinis a bhí a leabhar aifrin. Bhí saineolas ar an luibheolaíocht óna óige aige, agus idir na blianta 1937 agus 1944 d'fhoilsigh sé féin agus Joseph Doyle, Ollamh le Luibheolaíocht sa Choláiste Ollscoile, seacht gcinn d'altanna léannta ar an ábhar san.<sup>21</sup> Thairg Liam na haltanna so d'Ollscoil na hÉireann mar lón céime dochtúireachta, D.Sc., agus bronnadh an chéim sin air sa bhliain 1946,<sup>22</sup> dhá bhliain sarar cailleadh é in aois a sé bliana agus trí fichid. Fuair sé bás obann an 31 Nollaig 1948 i dtigh a dheirfear Máire ar an nGarraí Mór. Cuireadh lena mhuintir é sa tseanreilig i mBaile Uí Phéacháin.

### Raidhrí Ó Corbáin

Ó shaothair Shéamuis Uí Mhaolchathaigh agus Shéamuis Uí Chaoimh bheadh cur amach áirithe ag daoine ar an dúthaigh díreach lastuaidh agus laistear de Chnoc Mhaoldomhnaigh agus é ina cheantar láidir Gaeltachta i dtuais an fhichiú haois.<sup>23</sup> Ar fhianaise dhaonáireamh 1911 dhein Coimisiún na Gaeltachta amach go raibh 369 de chainteoirí Gaeilge i limistéar toghcháin Bhaile Uí Phéacháin an bhliain sin, nó 63.4% de dhaonra an cheantair.<sup>24</sup> I dtaobh go raibh an bailitheoir Liam Ó Lúbaigh chomh cáiréiseach san agus ceann a thógaint dá n-ainmneacha súd a thug amhráin dó, mionfhianaise ar scata beag d'amhránaithe, nó de sheanchaithe, Gaelacha a bhí sa cheantar céanna i dtús na haoise is ea an cnuasach so amhrán. Ar na príomhfhaisnéiseoirí bhí Raidhrí (nó Ruaidhrí) Eoghain Ó Corbáin. B'é Raidhrí Eoghain a sholáthraigh seacht gcinn ar fhichid d'amhráin do Liam – go maith ós cionn leath an chnuasaigh.

Bothán agus gáirdín a bhí ag Raidhrí i gCill Domhnóig, thart ar thrí cheathrú míle laistear de thigh Liam. Bhí an sealúchas beag so saor ó chíos aige óna dheartháir Mícheál anuas go dtí an bhliain 1878. Ina dhiaidh sin bhí ar Raidhrí féin an cíos – cúig scilling sa bhliain – a dhíol leis an dtiarna talún, Henry Langley. (Chun Michíl a thuit cuid an athar, Eoghan Ó Corbáin, i gcaogadaí an naoú haois déag.)<sup>25</sup> Is sa bhothán san a bhí cónaí air féin, a bhean Máiréad, agus a n-iníon Máire a phós Liam de Faoite, sclábhaí feirme, ar ball, gur chúichi a thit an gabháltas tar éis bháis do Raidhrí; ba é mac Mháire, Liam Óg de Faoite, an duine ba dhéanaí a chónaigh ann.<sup>26</sup> Má bhí Raidhrí gan léamh ná scríobh, dála mórán eile nach é, níorbh fhear gan cheird é.

Táilliúirí ab ea muintir Chorbáin Chill Domhnóig. 'Master tailor' a thug Raidhrí air féin i ndaonáireamh 1901 agus é deich mbliana agus trí scór. Táilliúir leis ab ea Seámas, mac Mhichíl, a chomharsa béal dorais. Is é is cúis dúinn oiread san a dhéanamh de scéal Raidhrí ná é bheith ina phríomhfhaisnéiseoir ag Liam Ó Lúbaigh, agus, ina fhochair sin, léiriú atá ábhar beag suarach a bheith tugtha air ag Séamas Ó Maolchathaigh:

Ruairí Eoin an táilliúir a rinne mo chéad chulaith. Fear beag buí scrobanta a bhí ann, agus bhíodh bata siúil aige i gcónaí. Ruairí Ó Corbáin ab ainm agus sloinne dó, ach ní ghlaoití riamh air ach Ruairí Eoin, nó an Táilliúir Bacach; ach taobh thiar dá dhrom a thugtaí an leasainm sin air. Bheadh eagla ar aon duine é a ghlaoch air suas lena aghaidh mar bheadh sé i gcontúirt go bhfaigheadh sé an bata trasna na slinneán, nó bearradh teanga a gcuimhneodh sé air. Dá shon sin bhíodh bligeáird an bhaile á ardach nuair a d'fhaighidís an chaoi chuige.

Cheannaigh m'aintín ábhar mo chulaith nua i gCluain Meala, agus bhí sé istigh i bpáipéar ar

bharr an chupaird ar feadh cúpla seachtain fad a tháinig an táilliúir. Bhínn ag tnúth leis gach aon mhaidin, agus is cuimhin liom go maith an mhaidin a bhuaíl sé isteach chugainn. Bheannaigh sé dúinn isteach ón tairseach. Dá n-aireofa ag caint é gan é a fheiceáil, ba dhóigh leat gur fathach mór a bhí ann. Ní mar sin a bhí ar aon chor; ar éigean a bhí sé na cúig troithe ar airde. Ní raibh sé mar seo ná mar siúd ann; i bhfochair a bheith íseal bhí sé tanaí, scrobanta. Ní raibh a ghuth agus a cholainn de réir a chéile, go háirithe.

Nuair a bhí a bricfeasta ite ag Ruairí chuir sé i mo sheasamh i lár an urláir mé chun mo thomhas a thógáil. Bhí sé do mo mholadh agus ag rá gur ardgharsún mé, agus go raibh an-dealramh agam le m'athair bocht. Deireadh sé gach aon tomhas os íseal leis féin tríd an gcaint – 'ocht n-orkach go leith', 'ceithre orlach déag' agus mar sin de. Ní raibh de léann ar Ruairí bocht ach a bheith ábalta ar na figiúirí ar an téip a aithint, agus is dócha nach róchrúinn a chuimhníodh an fear bocht ar na tomhais.<sup>27</sup>

Leanann an Maolchathach air agus déanann cur síos ar obair Raidhrí, é suite in airde ar an mbord. Maidir le hamhránaíocht an táilliúra de, deir sé go mbíodh Raidhrí 'ag crónán amhráin, cé gur neamhbhinn an t-amhránaí é. "Seán an Bhríste Leathair" agus "Aonach Bhearna na Gaoithe" an dá amhrán a bhíodh ar siúl aige i gcónaí.'

A mhalairt d'aithne a bhí ag Liam Ó Lúbaigh ar an sean-táilliúir, is léir, agus a mhalairt de thuairim aige fé. Ar fhianaise na lámhscríbhinní, is idir na blianta 1903 agus 1905 a bhailigh Liam an t-ábhar ó Raidhrí Eoghain a mhaireann sna lámhscríbhinní.<sup>28</sup> Óna aithris bhéil a bhreac an Lúbach a chuid amhrán.<sup>29</sup> Bhí Liam féin bliain is fiche d'aois i 1903, agus bhí Raidhrí dhá bhliain déag agus trí fichid. Tá an teist seo leanas againn ó Aindrias Ó Muimhneacháin ar an meas a bhí ag Liam ar Raidhrí:

ní bhíodh stad air ach ag scríobhadh scéalta agus eachtraí agus amhráin Ghaeilge óna chomharsain. Bhí duine acu súd a bhíodh de shíor ar a bhéal – Sean-Ruaidhrí, cé ná feadar-sa cad é ba shloinne don duine ach ní foláir nó ba mhaith an fear eolais é, mar nuair bhíodh aon fhadhb Ghaeilge ghá phlé againn, agus ba mhínic san, ní raibh rud ba dhóichí a chlos ó Liam ná 'Mar adeireadh Sean-Ruaidhrí'. Ní raibh aon téarma dár bhain le feirmeoireacht ná raibh ar bharr a theangan aige ó Sean-Ruaidhrí.<sup>30</sup>

Agus Níoclás Breatnach ar bóthar dó sa cheantar so in Aibreán na bliana 1937, agus é i mbun béaloideas a bhailiú do Choimisiún Béaloideas Éireann, fuair sé roinnt mhaith ábhair ó mhuintir Chorbáin i gCill Domhnóig agus i gCnoc Bhaile an Oidhre. Bhí cuid den seanchas so tagtha anuas chun a mhuintire díreach ó Raidhrí Eoghain. Thug Éamonn Ó Corbáin, táilliúir Chnuic Bhaile an Oidhre, ábhar uaidh a bhí cloiste aige óna uncail 'Rogereen' dachad bliain roimhe sin,<sup>31</sup> agus i mBailiúchán na Scol tá leagan ó Éamonn d'amhrán Raidhrí dár teideal 'Maidin ar a' drúcht' (LS 1, lch 3 thíos).<sup>32</sup> Thug Liam de Faoite, mac iníne Raidhrí, a bhí fén am so ag cur fé i dtigh Raidhrí, thug sé leaganacha de thrí amhrán don mBreatnach, amhráin a bhí cloiste aige, dúirt sé, óna sheanmháthair i gCill Domhnóig.<sup>33</sup> Thug Séamas Ó Corbáin, táilliúir, agus a mhac Lar, a bhí ina gcónaí i dtigh Eoghain, trasna an bhóithrín ó thigh Raidhrí, thugadar a thuilleadh seanchais uatha,<sup>34</sup> agus thug bean Shéamais, Hannah, an méid seo seanchais i dtaobh Raidhrí féin:

Do bhí fear annso fadó Reidhrí Corbáin a bhí air agus do bhí triúr iníon aige agus do dhéineadh sé píosa amhráin dóibh nuair do bhíodh sé a' déana culaith. Táilliúir ba ea é.

Cail do spré a Bhrídín canta  
tá sé amu' ar thaobh na leacan  
pocán gabhar agus rabharthach bainne  
bailig suas é a Bhrídín canta.<sup>35</sup>

D'imigh Raidhrí ar shlí na fírinne an 3 Aibreán 1917, agus é seacht mbliana agus ceithre fichid.

### Amhránaithe eile

Bhí crosaire Chill Domhnóig idir tigh Liam Uí Lúbaigh agus tigh Raidhrí. An gabhálas sé acra déag san ascaill thiar-theas den gcrosaire sin ba le Tomás de Búrca é. I dtigh Thomáis – ná maireann aon teimheal inniu de – a thug Raidhrí ceann amháin ar a laghad ('Maidin Luain Chincíse') dá stór amhrán uaidh. Feirmeoir ab ea Tomás, trí bliana agus leathchéad aige an bhliain sin 1903, agus ní foláir nó ba bharántúil an t-amhránaí é. Tá seacht gcinn de fhíosaí luaite leis i leabhair an Lúbaigh, agus ceann acu san ('Caisleán Cuanach' le Tomás Ó Móráin) á thabhairt aige i bpáirt le Raidhrí Eoghain. Luíodh sé le réasún gur le linn oíche chuairdíochta tigh Thomáis de Búrca a dhéanfaí cuid d'obair bhailiúcháin Liam Uí Lúbaigh. Fuair Tomás bás i Lúnasa na bliana 1919 (de réir a leacht uaigne i nuareilig Bhaile Uí Phéacháin) agus tugann an dáta san leide dúinn i dtaobh dáta scríofa phríomhlámhscríbhinn Liam, mar deir sé inti, tar éis dó leagan Thomáis de 'Stailín Móin a' Lín' (LS 1, lch 18) a bhreacadh isteach, gur le déanaí a cailleadh Tomás de Búrca.

Taobh amuigh de Raidhrí agus de Tomás, bhí corrdhuine eile sa cheantar a thug ábhar uaidh do Liam. Orthu so bhí Mícheál Ó Maolamlhna, duine eile de mhuintir Chill Domhnóig, ar thaobh Dhroichead na nGabhar den gcrosaire. Feirmeoir óg, sna dachadaí, ab ea Mícheál, agus thug sé leagan de 'Seán Ó Duibhir an ghleanna' uaidh do Liam. I nGort an Chuilinn, baile fearainn atá ar taobh Chloichín an Mhargaidh de Chill Domhnóig, bhí Liam Ó Cadhla, feirmeoir sna caogadaí déanacha, agus ba uaidh a fuair Liam trí cinn d'amhráin: 'Na Conairigh', 'Aréir is mé im leabaidh', agus 'Is buachaillín fíoróg mé'. Marab ionann agus Raidhrí Eoghain, bhí léamh agus scríobh ag an gCadhla, ach fós fhéineach is óna aithris bhéil a bhreac an Lúbach an t-amhrán déanach so uaidh, agus an chuid eile leis is dóichí.<sup>36</sup> Is é dúirt an Lúbach ina thaobh: 'Fear dob' eadh é a raibh a lán amhrán agus sgéalta aige ach ní raibh sé dh'uain agam mórán díobh a sgríobh'.<sup>37</sup>

Tá beirt eile luaite ag an Lúbach gur deacair aon tuairisc a fháil inniu orthu. Duine acu is ea Eudhmonn Ua h-Alaidhe. Ba ón gCill Liath, in aice Chathair Dhún Iascaigh, ó dhúchas dó ach bhí sé i Sasana nuair a bhí an lámhscríbhinn á breacadh ag an Lúbach thart ar 1919. Deir Liam gur thug an duine seo amhrán an ghabhair dó (LS 1, lch 14) sa mbliain 1910. An duine eile ná fuil dulta amach againn air ná Mici Ó hAllathaigh ón gCurrach, tamall soir an bóthar ó Chill Domhnóig, a thug 'Dia Máirt is mé ag tarraingt chun sléibhe' (LS 1, lch 71) do Liam. Más é an t-athair é ní foláir nó bhí sé ar shlí na fírinne nuair a tógadh an daonáireamh i 1901 mar ní raibh sa tigh ach a mhac Uilliam agus a chlann siúd. Sa chás san b'fhéidir go raibh Mici ar an gcéad fhaisnéiseoir a bhí ag Liam, ach tá seans leis, áfach, gurbh é Mícheál mac Uilliam atá i gceist, fear ná raibh ach seacht mbliana déag slánaithe aige sa bhliain 1901.

Taobh amuigh des na faisnéiseoirí bunaidh seo, bhí teacht chomh maith ag an Lúbach ar ábhar beag bailiúcháin a bhí déanta ag múinteoir na Gráinsí – an t-údar ar ball – Séamus Ó Maolchathaigh. Ceithre amhrán a thug an Maolchathach dó agus iad scríte i gcóipleabhar – móide nótaí fánacha léannta – a áirítear mar LS 3 anso. Mar a mhínítear thíos, roghnaigh an Lúbach ceann amháin acu so le cur ina mhórchnuasach féin.

### Na lámhscríbhinní

#### Lámhscríbhinn 1

24 x 18 cm. 364 lgh: [ii] + 77 (uimhrithe 1-[74] ach na huimhreacha so fé dhó ann 49, 62, 69

(49a, 62a, 69a sa chuntas thíos orthu)) + 285 (gan uimhriú). Scríobhaí: *Liam Ó Lúbaigh* (passim), c. 1919 (féach thuas). Clúdach cruaidh, páipéar línithe gan chomhartha uisce. Nótaí i bpeann luaidhe: (a) lch 10. 'Ainm file = Táim sínte ar do thuama.' (b) lch 12. 'Seoladh na nGamhan fé'n bhfásach.' (c) lch 18. 'Stailín Dhomhnaillín a chualasa.' (d) lch 47. 'Fuairesas so ó Sean bán O Conchubhair i gCorca Dhuibhne POS [? = Pádraig Ó Siochfhradha].' (e) lch 49a. 'Tá bearsa eile in easnamh:- Cá bhfuil na Muimhnigh nó an fíor go mairid beo.'

lch

- [i]. 'Roint amhrán 7rl a chuireadh síos ó shean-daoine na háite i bPróiste Bhaile Uí Phiodhcháin i nDéisibh Mumhan / Liam Ó Lúbaigh a bhailigh agus a sgríobh sa leabhar so iad.' Lch [ii] bán.
1. 'Bacach na Léige.' *A bhean a' tige sheímh, cuir do dhéirc amach chun a' daill.* 9 v. 'Curtha síos o bhéal aithris Ruaidhrí Uí Chorbáin.'
  3. 'Maidean ar a' Drúcht.' *Maidín ar a' drúcht is me siubhal go pras.* 7 v. 'Raidhrí Ó Corbáin o Cilldomhnoige a thug e seo dham' [iontráil dhéanach].
  5. 'Níl agam sa Saoghal.' *Níl agam sa saoghal ach' aon sé pingé amháin.* 4 v. 'Nóta: Raidhrí Eoghain dh'aithris e seo shuas.'
  7. 'Sagart a's a Dhearbhraithair.' *A ógánaigh glac cómhairle is teagasg.* 9 v. 'Raidhrí tug dhom.'
  10. 'Nuair is dóigh lem' Mhuintir.' *Nuair is dóigh lem' muintir go mbím a luighe ar mo leabaidh.* 6 v. 'Raidhrí Eoghain a thug é seo shuas dam.' Cf. lch 68.
  - 11.6. (a) *Imtheochaidh an sgoiloigín beártha liath.* 6 línte. '(Donnchadh O Lúbaigh a thug dam).' (b) 'Ní theidheann teas thar fiuchadh.'
  12. *Lá breágh gréine is me ar thaobh a' ghleanna.* 4 v, uimhrithe. 'Raidhrí a thug uaidh an t-amhrán so.'
  14. 'An Gabhar.' *Mil is céir bheach bíodh againn ar maidín.* 4 v, uimhrithe. '(Eudhmonn Ua h-Alaidhe a rugadh agus a tóigeadh sa Chill-liath agus athá fé láthair na comhnaidhe sa mBreatain a thug an tamhrán so dham sa mbliadhain 1910 Liam O Lúbaigh).'
  16. *Idir Ard-mhór is Eóchail óg-seal do bhíos.* 4 v, uimhrithe. 'Raidhrí a thug dam é seo an triomadh lá déag de mí na Feil Brighde 1905 L. O L.'
  18. 'Stailín Móin a' Lín.' *Tá news a góbhailt timceall is mithid liom é dh'innsint.* 5 v. 'Tomás de Búrca a mhair i gCilldonúidhge a thug an t-amhrán so dham Chailleadh an fear bocht le déanaighe. Cuireadh síos an t-amhrán so in ngeimhreadh na bliadna 1904. File go dtugtaoi 'Tomáisín a' Cheóigh' ar a cheap é seo thuas. Thá a lán sean amhrán a ceap an fear ceadna ag sean daoine na háite seo. Maighstear sgoile b'eadh é / Liam O Lúbaigh.'
  20. 'Na Conraigh.' *Inneósaidh mise sgéal díbh máis e bhúr dtoil-se éisteacht.* 3 v. 'Liam O Cadhlaigh a thug dom.'
  21. 'Gleann Gabhla.' *Go Gleann Brighde chuadhmar aimsir buathra na righthe.* 5 v. 'Raidhrí a thug dam Liam O L.'
  22. 'Thug me grádh chléibh duit.' *Do thug me grádh chléibh duit a spéir-bean ar dtúis.* 8 v, uimhrithe. 'Raidhrí Eóghain a thug é seo dham thá leagaint eile ar an VIad ceathramhadh.'
  25. 'Aisling.' *Tar éis luighte dhamhsa fein ar mo leaba theine aréir.* 4 v, uimhrithe. 'Tomás De Búrca a mhaireadh i gCilldonúidhge a thug an aisling seo dham agus a lán giotaí eile na theanta Liam Ó Lúbaigh.'
  - [27]. 'Caisleán Cuanach.' *Ar mo gabhailt ó thuaidh dam tríd a' gCaisleán Cuanach.* 5 v, uimhrithe. 'Tomáisín a' Cheóigh a cheap an t-amhrán seo. Tomás de Búrca & Raidhrí Eoghain a dhaitris dam. L. Ó Lúbaigh.'

29. 'Aisling.' *Lá a's mé ar taobh an chnuic.* 6 v, uimhrithe. 'Raidrí Ó Corbáin a dhaitris dam.'
31. 'Amhrán Grádha.' *Is dúbhach a's is tinn atháim-se.* 5 v. 'Tomás de Búrca a dhaitris an tamhrán so shuas dam sa mblíadhan 1904.'
33. 'Capall Pháirc an Fhiadhaigh.' *I mbarra Pháirc an Fhiadhaigh / tá an capall bradach fiadhain.* 9 v, uimhrithe. 'Tomas de Búrca a thug dam é seo.'
36. *Ar amarc an lae a's an raeilthean lagaighthe* [sic]. 5 v, uimhrithe. 'Tomás De Búrca a dhaitris.'
38. *Siubhalaigheas mór-chuid de cuanta cois sáile.* 4 v, uimhrithe. 'Raidhrí Eoghain a thug dam é seo.' Véarsa aonair á leanúint (39.10): *Sé Gleann Gabhla 'sháraigh gac áit díobh le chéille.*
40. *Aréir is me im leabaidh a's me ag machtnamh trem' néalta.* 5 v. 'Liam Ó Cadhlaigh ó Ghort a' Chuilinn a dhaitris na bhéarsaí seo shuas dam. Fear dob' eadh é a raibh a lán amhrán agus sgéalta aige ach ní raibh sé dh'uain agam mórán díobh a sgriobh. LÓ L.'
42. 'Eachtra Gráidh.' *I am a young fellow that ran out both land and means.* 9 v, uimhrithe. 'Raidhrí Eoghain a thug e seo thuas dam i ngeimhreadh na bliadhna 1904 L. Ó L.'
44. 'Máire bheag na gruaige báine.' *Ar a' mbaile beag so thiar / thá mo ghrádh le bliadhain.* 4 v, uimhrithe. 'Raidhrí a thug dam.'
46. 'Sean-fear a's an bás.' *Ar bhóthar Luimnigh seadh casadh an bás orm.* 8 v, uimhrithe. 'Raidhrí Ó Corbáin a thug dam.'
48. 'Cnoc Bhinéigre.' *Ar maidin Luain Cingcise / tháinig an síobhra ins an ngleann.* 7 v, uimhrithe. 'Raidhrí Eoghain Ó Corbáin a thug na bhéarsaí seo dham sa mblíadhain míle naoi gcéad a trí aig tí' Thomáis De Búrca. Tháid araon anois a' tabhairt an fhéir / Liam Ó Lúbaigh.'
50. 'Paidireacha.' (a) *Ag athchuinge chúghat-sa a Mhuire.* 4 línte. (b) *'Athair ghil a bheannaigh grian a's muir.* 1 v. (c) *Míle míliúintí míliúintí buidheachas.* 4 línte. (d) *M. Ag aisling ort a bhíos-sa 'Íosa 'mhic / I. De'n aisling í a mháthair.* Comhrá. 'Mo mháthair, beanacht dílis Dé le na hanam, a mhúin an ceann deireannach so dham / Liam Ó Lúbaigh.'
51. 'Séamas na Staile.' *Is buachaill me 'gluais seal go h-aerach.* 6 v, uimhrithe. 'Ruaidhrí a thug dam.'
53. 'Thá Bó agam ar a Sliabh.' *Ta bó 'gam ar a sliabh is táim le seal 'na diaigh.* 4 v, uimhrithe. 'Raidhrí Eoghain a thug dam.'
55. 'An gabhan geal bán.' *Lá 'gus me a' fágaint an bhaile.* 6 v, uimhrithe. 'Raidhrí a thug dam.'
57. 'Neilí.' *Lá breágh fada gréine a's me ag iasgaireacht cois abhann.* 8 v, uimhrithe. 'Ruaidhrí Eoghain Ó Corabáin a thug dam an t-abhrán so sa mblíadhain 1905 L. Ó L.'
59. 'Shíos Cois na Trágha.' *Shíos cois na trágha, thá an cuil-fhionn deas mná.* 7 v, uimhrithe. 'Raidhrí Eoghain Ó Corbáin a thug dam.'
61. 'Molacha.' *'Á dtiocfa-sa liomsa 'sé do chúntas bheadh déanta.* 6 v, uimhrithe. 'Raidhrí Eoghain a dhaitris dam / Liam Ó Lúbaigh.'
- 62a. 'Is Brónach a bhím.' *Is brónach a bhím-se a luighe ar mo leaba dham.* 6 v, uimhrithe. 'Raidhrí a thug e seo dham leis / L. Ó L.'
64. 'Caoineadh.' *Mo creach ghéar fhada chráidhte.* 5 v, uimhrithe. 'Ó Tomás De Búrca a bhíodh 'na comhnaidhe sa mbaile .i. Cill-Donúidhge sead fuair me an t-amhrán so.'
66. 'Mo thoice beag Ruadh.' *Is minic a bhíos-sa is dríodar meisce im' cheann.* 6 v, uimhrithe. 'Ó Raidhrí Eoghain a fuaires an giota beag so sa mblíadhain 1905 / L. Ó L.'
68. 'Nuair is dóigh lem' Mhuintir.' *Nuair is dóigh lem' mhuintir go mbím a luighe ar mo leabaidh.* 6 v, uimhrithe. 'Ó Raidhrí Eoghain Ó Corbáin a fuaires an t-abhrán so timcheall na bliadhna 1904 / Liam Ó Lúbaigh. / Tá an t-abhrán so curtha síos fe dhó agam sa leabhar so feach leath a 10.'
- 69a. 'An Sean-duine.' *A mná na deacrach m'anacar má's truaigh libh.* 4 v, uimhrithe. 'Raidhrí a



thug an t-abhrán so uaidh cúpla bliadhain fad ar chailleadh e / Liam Ó Lúbaigh.'

71. *Dia Máirt is me a' taraingt chún sléibhe.* 4 v + 'curfá'. 'Mici O h-Allathaigh o'n gCurrach i bProiste Baille Peacáin a tug an ceann so dham / L. O L.'
- [73]. 'An t-asailín lághach.' *A chomharsain na n-árann ar airigheabhair trácht.* 5 v, uimhrithe. 'Seamus Ó Maolcatha O. S. sa nGráinsigh a fuair an tamhrán so thuas óna mháthair. Dheisigh cúpla sean-fhear ón mbaile seo cupla rud dam / Liam O Lúbaigh.' An chuid eile den leabhar bán ach amháin na naoi mbileog déanach mar a bhfuil innéacs céadlínite ón Lúbach agus, ar an leathanach déanach ar fad, gluais Bhéarla ar sheacht bhfocal as *Solas an Ghrádh* [Baile Átha Cliath 1923] le Pádraig Óg Ó Conaire.

## Lámhscríbhinn 2

16-16.5 x 20.5-21 cm. 24 de bhileoga gan uimhriú. Clúdaigh ar iarraidh; bileoga [1], [2], agus [6] scaoilte; dhá bhileog ar a laghad ar iarraidh ó chúl an leabhair. Scríobhaí: U. S. Ua Luibigh ([15]r, [17]r), 'Kildonoig Ardfinnan' ([1]v). Nótaí: (a) [1]r, imeall uachtarach. 'Féach Irish Popular Songs, Edward Walsh.' (b) f. [1]v, imeall uachtarach. 'Liam ... Kildonoig Ardfinnan.' (c) [3]r, imeall clé. 'Mr Michael Quin.' (d) [4]r, imeall uachtarach. 'Féach amhráin grádh Chúige Connacht. Tá sé seo ins an leabhar san.' (e) [5]v, imeall clé. 'Crainneach na h-airgthíocha Ceiling laths.' (f) 13r, imeall uachtarach. 'Feach Imtheachta an Oireachtais 1897.'

bileog

- [1]r. *Lá breágh gréine, is mé ar thaobh a' ghleanna.* 4 v. 'Críoch.' Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 12.
- [2]r. 'Bacach na léige.' *A bhean a' tige shéimh, cuir do dhéirc amach chún a' daill.* 9 v. Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 1.
- [3]v. 'Máire beag na gruige [sic] báine.' *Ar a mbaile beag seo thiar / atá mo ghrádh le bliadhain.* 4 v, ach uimhriú 1-8 ar na leathvéarsaí. Téacs cealaithe. 'Chuir me síos ó Ruaidhrí Eoghain Ua Corbain Cill-Dún-óg.' Cf. LS 1, lch 44.
- [5]v. 'Maidin ar a dhrúcht.' *Ar maidin ar a' drúcht is me 'siúbhal go pras.* 7 v. 'Críoch.' Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 3.
- [6]v6. 'I am a young fellow.' *I am a young fellow that ran out both land & means.* 9 v, uimhrithe. Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 42.
- [8]v. 'An Gabhar.' *Mil is céir beach bíodh againn ar maidin.* 4 v, uimhrithe. Téacs cealaithe. 'Críoch / Curtha síos o Eudhmon Ua hAilge.' Cf. LS 1, lch 14.
- [9]v. 'Nil agam sa saoghal.' *Nil agam sa saoghal acht aon sé pingne amháin.* 4 v, uimhrithe. 'R. O. C. / Críoch.' Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 5.
- [10]v. 'An Sagart is a dhearbhráthar.' *A ógáinigh glac cómhairle is teagasg.* 9 v, uimhrithe. 'Deireadh / Curtha síos ó Ruaidhre O Corbain Cilldonóg.' Cf. LS 1, lch 7.
- [13]r. 'Seumas na Staile' [imeall]. *Is buachail me a ghluais seal go h-aerach.* 6 v, uimhrithe. 'R: O C. / Críoch.' Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 51.
- [14]v. *Ar bóthar Luimnigh 'seadh casadh an bás orm.* 8 v, uimhrithe. An nóta seo ag bun 14v agus ag críochnú ag bun 15r: 'Nóta: Ní'l an amhrán seo curtha síos mar ba cheart do a bheith gac beursa ag leanamhaint a chéile is amhlaidh mar atá siad acht gocheile béursa ar an cheud agus ar an dara leathanach / U. S. Ua Luibigh.' Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 46.
- [16]r. 'Ní'l oidhche 'gam sa t-seachtmhain / [imeall:] Fonn Seagan O Duibhir.' *Ní'l oidhche 'gam sa t-seachtmhain / a luighe dham ar mo leabaidh.* 4 v, uimhrithe. '(Cuir mé síos o Ruaidhrí é) [os a chionn san:] Is baogal liom na fuil an 1/4 deanach 'ge go ceart U. S. Ua L.'
- [17]v. 'Seághan Ua Duibhir an gleanna.' *Éistidh liom-sa feasda go ineósadh díobh cé ar chailleadh. 5*

- v, uimhrithe. 'Curtha síos ó Mhícheal Ua Maolamhna Cill-donóig.'
- [19]r. 'Ta bó 'gam ar a sliabh.' *Ta bó ar a' sliabh [sic] is táim le seal ina diaigh.* 4 v. 'Críoch.' Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 53.
- [20]r. '13/2/1905 / Eóchail.' *Idir Ard mhór is Eóchail ógseal do bhídheas.* 4 v, uimhrithe. Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 16.
- [21]r. 'Mo thoice beag ruadh [imeall] / Is minic a bhídheas-sa.' *Is minic a bhídheas-sa is dríodar meisge in mo cheann.* 6 v. 'A dheireadh.' Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 66.
- [22]r. 'Sean-duine.' *A mhná na deacrach m'anacar má's truaigh libh.* 4 v. Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 69a. Bileog [23]r bán.
- [23]v. *Is brónach a bhím-se ag luighe ar mo leaba dham.* 6 v, uimhrithe. 'Curtha síos o Ruaidhrí O Corbáin.' Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lch 62a.
- [24]v. *Nuair is dóigh lem mhuinntir go mbidhim a luighe ar mo leabaidh.* Stadann le véarsa 3. Téacs cealaithe. Cf. LS 1, lgh 10 agus 68.

### Lámhscríbhinn 3

20.5-21 x 16-16.5 cm. 22 de bhileoga gan uimhriú, móide ceithre iatán scaoilte. Scríobhaí: *Seamus Ó Maolchatha* (clúdach); an t-ábhar in iatán [c] sínithe *U. E. Ua Lúibigh*. 'New Era Manuscript Book' (comhartha uisce: 'Ballyclare Co. Antrim'), páipéar línithe. Téacs ar lch tosaigh na mbileog, agus nótaí téacsúla ar cúl nó an lch san fágtha bán.

#### bileog

- [1]r. '(Ceol – A Spailpín a Rúin) / An t-asailín lághach.' *A comharsain na n-árann an airígeamhar trácht.* 5 v, uimhrithe. Cf. LS 1, lch 73.
- [4]r. 'Ta ceol breagh leis seo. D'réir mo thuairmse ní fhuil sé ag an t-Athair Breathnach.' *Aréir cois leasa a's me ag amharc trím néalta.* 4 v, uimhrithe.
- [6]r. '(Ceol – an Spailpín Fánach).' *Ní fhuil agam sa saoghal ach aon sé pingne amháin.* 4 v, uimhrithe.
- [8]r. 'An drumadaer.' *Ar mo ghabhailt amach ar maidin dom.* 8 v, uimhrithe.
- [12]r. 'An Gabha a's an Sclábhuidhe.' *Is tinn 's is breoite 's is fannlag gan amhras i bpian atáim.* 7 v. An chuid eile den leabhar bán.

#### Iatáin

- [a]. Bileog shingil; 23.5 x 18.5 cm. *Is mó oidhche fliuch is fuar.* 3 v + curfá (*Bheir me ó ro bhean ó*). A chúl so bán.
- [b]. Píosa gearrtha ó pháipéar nuachta. 'Elopement in Tipperary.' *I am a young fellow that ran out of land and means.* 10 v.
- [c]. 3 bhileog; 20 x 16 cm. Scríobhaí: *U. E. Ua Lúibigh*. Páipéar línithe. 'Ar Bhruach na Laoi.' *Ar bhruach na Laoi 'san oidhche machtnamh dam.* 4 v. Leanann (bil. [2]r): *Is buachailín fíoróg me is go bhfoiridh orm rígh na ngrás.* 5 v. 'Finis / Cuir me síos ó bheul aithris Liam Uí Chadlaigh an amhrán so / U. E. [sic] Ua Lúibigh.'<sup>38</sup>
- [d]. Bileog shingil. 10 x 23.5 cm. Cliatha ceoil i gcomhair dhá amhrán: 'Baboró', agus 'Cáit Ní Dhuibhir'. An méid seo amháin ar cúl: 'Miss Rildahl / 23 Palmerston Rd'.

### Cóngas na lámhscríbhinní

Is léir ar na téacsáí féin gur bundréacht is ea na téacsáí in Lámhscríbhinn 2 de sé cinn déag des na hamhráin atá in Lámhscríbhinn 1, ach amháin an dá amhrán úd ar bhileoga [16]-[18] nach bhfuil fáil orthu in aon chor in Lámhscríbhinn 1. Sin é fé ndeara dos na téacsáí in

Lámhscríbhinn 2 bheith cealaithe, ach an dá amhrán san amháin. Is luaithe go maith Lámhscríbhinn 2 ná Lámhscríbhinn 1 dá réir sin, agus tá sé sin le sonrú chomh maith ar an éagsúlacht pheannaireachta ó cheann go chéile.

Maidir le Lámhscríbhinn 3 de, is eol dúinn gur bhain an Lúbach leas as an gcéad amhrán ann ('An t-asailín lághach') agus Lámhscríbhinn 1 á cur le chéile aige. Tá i leabhar an Mhaolchathaigh leis, áfach, dhá aiste eile (ar [6]r, agus iatán [b]) a gheibhtear in Lámhscríbhinn 1 (lgh 5, agus 42 fé seach) mar a bhfuil Raidhrí Eoghain luaite leo mar fhoirse. Ar an dá téacs san a chur i gcomórtas lena gcéilí in Lámhscríbhinn 1, tuigtear dúinn go soiléir gur bhain an Lúbach leas as an bhfoirse bhéil – a fhaisnéiseoir féin – seachas an fhoirse scríte. Rud eile dhe, agus an t-aon téacs ó leabhar an Mhaolchathaigh ag teacht i bhfiordheireadh an chnuasaigh i Lámhscríbhinn 1, b'fhéidir gur comhartha é sin gur fhoirse í leabhar an Mhaolchathaigh nár bhain an Lúbach leas aisti, nó, neachtar acu, nár tháinig ina sheilbh, go dtí go raibh a thobar féin ídithe aige.

### Ábhar na lámhscríbhinní

Cnuasach d'amhráin na nDéise atá sna leabhair seo. Gan cóipeanna dúbailte a chur san áireamh, tá dachad a ceathair d'amhráin ar fad sa chnuasach agus na trí lámhscríbhinní á dtógaint le chéile. Rogha an té a bhailigh, Liam Ó Lúbaigh, is ea an méid sin, gan amhras, taobh amuigh den gcuid is mó de LS 3, ach scáthán leis is ea é ar an stóras d'amhráin Ghaelacha a bhí le fáil sa cheantar so i ndeisceart Thiobraid Árann i dtús an fhichiú aois. Agus seacht n-amhrán ar fhichid den dachad a ceathair a theacht ó bhéal an táilliúra, Raidhrí Eoghain Ó Corbáin, dob fhéidir áiteamh go bhfuil an-léiriú anso ar stóras aon duine amháin, sár-fhaisnéiseoir a bhí isteach sna seachtóidí nuair a bailíodh an t-ábhar uaidh. Dob fhíor chomh maith céanna, áfach, agus a bhfuil againn anso d'ábhar ó Thomás de Búrca agus Liam Ó Cadhla, beirt ná raibh ach sna caogaidí san am, gur comhartha ar shaibhreas an traidisiúin sa cheantar so oiread san den traidisiún amhránaíochta a bheith á léiriú ag dream nach den seanaois ar fad iad.

Fé mar a bheadh coinne leis, tá amhráin sa díolaim seo go mbeifí ag súil len iad, nó leaganacha díobh, a chlos ag aon amhránaí maith Muimhneach san am, amhráin ar nós 'Seoladh na ngamhan' (LS 1, lch 12), 'Cnoc Bhinéigre' (LS 1, lch 48), nó 'Bean dubh an ghleanna' (*Thá bó 'gam ar a sliabh*, LS 1, lch 53), cuirim i gcás. Tá ina bhfochair sin amhráin a samhlaítear, a bheag mó a mhór, leis na Déise amháin; ar na haistí sin bheadh 'Idir Aird Mhór is Eochail' (LS 1, lch 16), 'Na Conraigh' (LS 1, lch 20), nó 'Caisleán Cuanach' (LS 1, lch 27), mar shampla.<sup>39</sup> Ní hionann san is a rá ná beadh tábhacht le leaganacha an Lúbaigh des na hamhráin choitianta san áfach. Leagan 'Bacach na Léige' (LS 1, lch 1), cuirim i gcás, tá difríochtaí suaithinseacha idir é agus an leagan a d'fhoilsigh Tadhg Ó Donnchadha i 1904,<sup>40</sup> agus is amhrán éagsúil ar fad é ón gceann a bhailigh Séamus de Chlanndiolúin i gceantar Dhún Garbhán in 1902.<sup>41</sup> Is suimiúil chomh maith an téacs a dtugtar 'Seághan Ua Duibhir an gleanna' (LS 2, bil. [17]v) anso air. Níl aon bhaint aige, lasmuigh dá fhonn, leis an ngnáthamhrán ('Ar m'éirí dhom ar maidin') ach is amhlaidh a thráchtann ar Sheán Ó Duibhir áirithe a bheith ag tabhairt an fhéir, agus casann ina dhiaidh sin ar chladhaireacht an bháis agus ar chumhacht Dé agus na Maighdine ('ná caitheann cámuic ná stays').

Anuas air sin go léir tá scata maith amhrán sa díolaim seo a thráchtann ar áiteanna agus ar eachtraí ná bainneann, ba dhóigh leat, ach leis an dtaobh san na nDéise atá lastuaidh den gCnoc. Orthu san bheadh, mar shampla, 'Gleann Gabhla' (LS 1, lch 21), 'Capall Pháirc an Fhiadhaigh' (LS 1, lch 33), 'Molacha' (LS 1, lch 61), agus 'An t-asailín lághach' (LS 1, lch [73]).<sup>42</sup> Arís, dála na coda eile den mbailiúchán, cé gur dóichí gur bailíodh, nó go gcuilathas ar a laghad, leaganacha des na hamhráin áitiúla so ó fhoinsí eile, ní fhágann san gan a thábhacht féineach a bheith le

cnuasach Liam Uí Lúbaigh. Mar shampla, cuireann an t-amhrán dár tús *Siubhalaigheas mór-chuid de cuanta cois sáile* (LS 1, lch 38) trí véarsaí leis an leagan aon véarsa a thug Máire, deirfiúr Shéamuis Uí Mhaolchathaigh, uaithi do Liam de Norraidh in 1940.<sup>43</sup>

## Téacs

Tharlódh gurb é an t-amhrán so leanas an ceann is logánta ar fad dá bhfuil sa chnuasach. Cur síos moltach ar Ghleann Gabhla atá ann, an gleann agus an sruthán a shileann andeas tré cheartlár Chill Domhnóig agus é ar a shlí go hAbhainn na Teara. Tarlaíonn cumar dhá uisce, Gleann Gabhla agus Gleann Bhríde, ag Poll an Easa agus leanann an sruthán leis ó thuaidh tré Ghleann Gabhla ina dhiaidh sin. Ní miste clabhsúr a chur leis an gcuntas so le téacs an amhráin sin a thabhairt, agus é fágtha díreach mar atá sa lámhscríbhinn.<sup>44</sup>

### Gleann Gabhla

Go Gleann Bríghde 'chuadhmar aimsir buathra na righte  
Go Gleann Gabhla tánughmar mar a bhfásann coll is cuilleán  
Tá fíoruisge i ngleannta ann an samha 'gus a' biollar  
Thá coillte os a gceann is gan amhras móin mhullaigh

Ins a' samhradh seadh is teó é, thá deis-sgáil na gréine ar  
Thá leigheas i n-im bó ann a thóigfeadh na céadta  
Thá meidhir ar dhaoín' óga agus spórt a' deanadh aedheir ann  
Is le congnadh 'n Ríogh glormhar thá'n trócaire fhéin ann

Thá an poc ann s a' mionán a domsáil s a' géimrigh  
Na tuirbh a' crónán ann s' iad ar na stairthe léimrigh  
Thá cearbhaigh a' cafáil ann s a' robáil ar aonta  
Agus mil bhuidhe 'na srotháin i gcuasán ga' haon dair

Thá laoiagh breágh biadhtha i gceann a mbliadhna ag gamhain ann  
Tá sioraigh cún dian an le fiadh-chapaill gallda  
Thairingeóchaidis tighearnaighthe gus iarlaí ó Lonndain  
Thá ceol sidhe gus biadh 'cu thug Dia dhóibh gan amhras

Thá an fhuinnseóg dá aoirdeacht an beech is an cárthann  
Is abhall-ghortaí cumhrtha gus fiúit [*sic*] ortha 'n áirde  
Tá an dá aspal déag ann a' deanadh na cásga  
Íosa 'na Dia sa Íosa Críost a's a mháthair

### Notáí

1. Patrick Power, *Waterford and Lismore: a compendious history of the united dioceses* (Corcaigh 1937) 66-72.
2. Ar bhileoig 88 de léarscáil sé orlach Thiobraid Árann de chuid na Suirbhéarachta Ordanáis atá léiriú ar an gceantar so.
3. Blúire beag seanchais ar an Liam so in An Cumann le Béaloideas Éireann (CBÉ feasta) LS 347, lgh 34-5.
4. Mheas sé féin gur in 1883 a rugadh é (eolas ar a chomhad airm, mar shampla), ach 1882 atá go

- soiléir sa chlár breithe (Oifig an Ard-Chláraitheora).
5. *Nationalist*, 11 agus 14 Feabhra 1903; *Claidheamh Soluis*, 14 Márta 1903.
  6. *Nationalist*, 28 Feabhra 1903; *Claidheamh Soluis*, 21 Márta agus 4 Aibreán 1903.
  7. *Nationalist*, 4 Márta 1903.
  8. *Nationalist*, 1 Aibreán 1903; *Claidheamh Soluis*, 11 Aibreán 1903.
  9. Aindrias Ó Muimhneacháin, 'An Dochtúir Liam Ó Lúbaigh', *Feasta* 1/11 (Feabhra 1949) 4.
  10. 'Craobh an Chéiteannaigh' a thugtaí ar chraobh na Cathrach leis: cf. *Nationalist*, 11 Márta 1903.
  11. Connradh na Gaedhilge, Coiste Thiobraid Árann Theas, 1893-1943 *Bláith-fhleasg ó Thiobraid Árann* ([Cluain Meala] 1943) 26.
  12. *Claidheamh Soluis*, 4 Aibreán 1903.
  13. Féach, mar shampla, Donncha Ó Súilleabháin, *Na timirí i ré tosaigh an Chonartha 1893-1927* (Baile Átha Cliath 1990), 52.
  14. *Leader*, 5 Deireadh Fómhair 1940, lch 826.
  15. *Royal College of Science for Ireland, Calendar 1917-18* (Baile Átha Cliath 1917), 112. 'Associateship of the Royal College of Science for Ireland' a thugtaí ar an gcáilíocht.
  16. PRO, Kew, WO 339/65748 (comhad William Looby).
  17. Eolas ó Oifig na dTairfead, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.
  18. An méid seo bunaithe ar sheanchas chlann Liam, agus ar dhá thuairisc a scríobhadh air tar éis bháis dó: E. J. S., 'Liam Looby', *Agricultural Record* 2/1 (Samhradh 1949) 66-7; agus Ó Muimhneacháin, *op. cit.*
  19. Cartlann Náisiúnta, Bailiúchán an Ghúim, Bosca 184 / N 0293.
  20. Liam Ó Lúbaigh agus Murchadh Ó Síthigh, *Fisic: tomhaiseanna, fisic, teas, meicnic I-III* (Oifig an tSoláthair 1940).
  21. *Royal Dublin Society Scientific Proceedings* 21 (1937) 457-76; 22 (1939-40) 95-117, 127-47, 241-55; 23 (1942-4) 35-54, 222-37, 257-70.
  22. Eolas ó Chartlann Ollscoil na hÉireann.
  23. Ó Maolchathaigh, *An gleann agus a raibh ann* (Baile Átha Cliath 1963, 2ú eagr. 1974); Ó Caoimh (eagr. Éamon Ó Conchúir), *An sléibhteánach* (Maigh Nuad 1989).
  24. Coimisiún na Gaeltachta (1926), Map No. 1, S.E. Sheet.
  25. Bunaithe ar fhaisnéis atá sa leabhar luachála do Bhaile Uí Phéacháin, in Oifig na Luachála, atá an méid seo go léir. Féach leis Richard Griffith, *General valuation ... Barony of Iffa and Offa West ... Unions of Clogheen and Clonmel* (Baile Átha Cliath 1852), 13.
  26. Tá láthair an tí seo ina bán anois; Thomas O'Leary, Cill Domhnóig, a thaispeáin dom é.
  27. Ó Maolchathaigh, *An gleann agus a raibh ann*, 8-9.
  28. 1903: LS 1, lch 49; 1904: LS 1, lgh 32, 43, 69; 1905: LS 1, lgh 17, 58, 67.
  29. Féach, mar shampla, 'Curtha síos o bhéal aithris Ruaidhrí Uí Chorbáin' LS 1, lch 2.
  30. *Op. cit.*
  31. CBÉ LS 332, lgh 120-24.
  32. CBÉ, Bailiúchán na Scol LS 572, lch 386.
  33. CBÉ LS 332, lgh 358-63.
  34. CBÉ LS 347, lgh 9-13, 71-3, 186-93.
  35. *Ibid.*, lch 17.
  36. LS 3, iatán [c].
  37. LS 1, lch 41.
  38. An deifir idir an síniú so agus an 'U. S. Ua Luibigh' (LS 2) le míniú, is dócha, tré Liam a bheith idir dhá chomhairle maidir le 'John' a aistriú mar 'Seán' nó mar 'Eoin/Eoghan'.
  39. Ní hionann na hamhráin a shamhlú le limistéar na nDéise is a rá ná cloisfí lasmuigh den limistéar san iad. Bhí, mar shampla, leagan de cheann amháin des na hamhráin ar mhuintir Chonaire ag Eilís bean Uí Chróinín, Baile Mhic Íre (Dáibhí Ó Cróinín (eagr.), *The songs of Elizabeth Cronin, Irish traditional singer* (Baile Átha Cliath 2000) 160-61).
  40. *Irisleabhar na Gaedhilge* 14 (1904) 674.

41. Máighréad Ní Annagáin agus Séamus de Chlanndiolúin, *Londubh an Chairn* (Oxford 1927), 60; cf. *Journal of the Irish Folk Song Society* 19 (1922) 33-6.
42. Cúlra 'An t-asailín lághach' le fáil in Ó Caoimh, *An sléibhteánach*, 7-8.
43. Dáithí Ó hÓgáin (eag.), *Binneas thar meon* (Baile Átha Cliath 1994), 180-81.
44. Tá mo bhuíochas tuillte acu so leanas a chabhraigh liom agus an t-alt so á ullmhú agam: Hannah O'Callaghan, Thomas O'Leary, Ciarán Mac Mathúna, Seosamh Ó Murchú, an tAthair Paddy Delaney, agus an Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha. Táim fé mhórchomaoin ag muintir Lúbaigh, clann Liam – Peggy, Máire, agus Seán – a chuir gach cóir orm agus a léirigh suim san obair ó thosach deireadh.